2024/336

17.1.2024

CINNEADH (CBES) 2024/336 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Eanáir 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/162 maidir le misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/162 ([1]) agus bhunaigh sí misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA).

(2) An 20 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/386 ([2]) lena seoltar EUMA agus lena dtugtar méid tagartha airgeadais don mhisean le haghaidh na tréimhse ón 23 Eanáir 2023 go dtí an 19 Feabhra 2025.

(3) An 5 Nollaig 2023, leasaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Plean Oibríochta le haghaidh EUMA agus chomhaontaigh sé gur cheart a chuid acmhainní a mhéadú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/162 a leasú dá réir.

(5) Cuirfear EUMA i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13(1) de Chinneadh (CBES) 2023/162:

'1. Is é EUR 39 035 890,24 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le EUMA a chumhdach don tréimhse ón 23 Eanáir 2023 go dtí an 19 Feabhra 2025. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d'aon tréimhse ina dhiaidh sin.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Eanáir 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. VAN PETEGHEM

([1]) Cinneadh (CBES) 2023/162 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) (IO L 22, 24.1.2023, lch. 29).
([2]) Cinneadh (CBES) 2023/386 ón gComhairle an 20 Feabhra 2023 lena seoltar misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/162 (IO L 53, 21.2.2023, lch. 17).